## CÓIREÁIL CHUNTASAÍOCHTA MAIDIR LE SÍNTIÚIS DO THIONSCADAIL CHAIPITIL

Ní léirítear mar shócmhainní seasta sa Chlár Comhardaithe na scoile, cistí atá faighte le haghaidh talún ná foirgneamh mar atá leagtha amach in Alt 15(3) den Acht Oideachais – “D'fhonn amhras a sheachaint, ní thabharfar, ná ní mheasfar aon ní san Acht seo aon cheart don bhord ar thalamh agus foirgnimh na scoile a bhfuil an bord sin freagrach astu.”

Tabhair do d'aire: I gcás scoileanna a ghearrann táillí, moltar comhairle a fháil ó d’iontaobhaithe agus d’iniúchóir sula mbainfear talamh agus foirgnimh ón gclár comhardaithe. Is ag an gcur chuige cuntasaíochta a mholann iniúchóir(í) an bhoird agus na n-iontaobhaithe a bheidh an tosaíocht.

Seo a leanas an láimhseáil chuntasaíochta ar shíntiúis do thionscadal tógála caipitil :

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó shíntiúis le haghaidh tionscadail chaipitil | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 3907 | Ioncam ó Shíntiúis Caipitiúla<br>Caipiteal & Cúlchistí |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Caiteachas síntiús le haghaidh tionscadal caipitil | DR | 3992 | Síntiúis Caipitiúla i leith Costais Foirgníochta<br>Caipiteal & Cúlchistí |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |

An bhliain tar éis don tionscadal tógála caipitil a bheith críochnaithe ba cheart an t-ioncam agus an caiteachas a aistriú chuig an gcuntas tógála.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Na ranníocaíochtaí chuig costas an tionscadail chaipitil a aistriú chuig an gCiste Tógála | DR | 3907 | Ioncam ó Shíntiúis Caipitiúla<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 3995 | Cuntas Ciste Tógála<br>Caipiteal & Cúlchistí |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Costas an tionscadail tógála caipitil a aistriú chuig an gCiste Tógála | DR | 3995 | Cuntas Ciste Tógála<br>Caipiteal & Cúlchistí |
| | CR | 3992 | Síntiúis Caipitiúla i leith Costais Foirgníochta<br>Sócmhainn Reatha |

I gcás ina bhfaightear síntiúis chun míreanna caipitiúla a cheannach mar throscán, feisteas, trealamh, is mar seo a leanas a chuntasaítear:

**Nuair a fuarthas síntiús trealaimh caipitil:**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Airgead Síntiúis a Fuarthas | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 3907 | Ioncam ó Shíntiúis Caipitiúla<br>Dliteanas Reatha |

**Nuair a ceannaíodh míreanna:**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur síos |
|---|---|---|---|
| Earra Ceannaithe | DR | 1421/1461 | Caipiteal: Daingneáin, Feistis agus Trealamh Breisithe / Caipiteal:Breiseanna TFC<br>Sócmhainn Sheasta |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |

**Amúchadh ar ioncam síntiús**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Amúchadh ar ioncam síntiús | DR | 3925 | Ioncam ó Amúchadh Carntha ar Threalamh Caipitiúil<br>Caipiteal & Cúlchistí |
| | CR | 3840 | Amúchadh Maoinithe nach bhFuarthas ón RO<br>Ioncam |

**Dímheas ar dheontais**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Dímheas ar Threalamh | DR | 8020/8060 | Dímheas Bliantúil: Beartas Dímheasa maidir le Daingneáin, Feistis agus Trealamh: TFC<br><br>Caiteachas |
| | CR | 1431/1461 | Dímheas: Beartas Dímheasa maidir le Daingneáin, Feistis agus Trealamh: TFC<br><br>Sócmhainn Sheasta |

*Nóta 1**: Ba cheart ioncam síntiús caite a amúchadh ar aon dul leis an dímheas***
*Nóta 2:* ***Beartas Dímheasa. Míreanna dímheasta thar 3/5 bliana***